

Teastas Eorpach na Gaeilge

Siollabas Mheánleibhéal 1 (B1)



Teastas Eorpach na Gaeilge

Siollabas Mheánleibhéal 1 (B1)



**Ollscoil
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Clár

1. Réamhrá.....	4
2. An t-ábhar i <i>Siollabas Mheánleibhéal 1 (B1)</i>	4
3. An ghramadach	5
4. Na foghlaimeoirí agus an próiseas foghlama teanga	6
4.1 Straitéisí foghlama agus cumarsáide	6
4.2 Feasacht teanga	8
5. Cultúr na hÉireann	10
6. Na scileanna.....	10
6.1 Labhairt agus Cluastuiscint.....	10
6.2 Léamhthuiscint	10
6.3 Scríbhneoireacht.....	11
7. <i>Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)</i>	11
Topaic 1: Cúlra agus áit chónaithe	12
Topaic 2: An teaghlach	16
Topaic 3: An teach.....	19
Topaic 4: Cúrsaí oibre.....	22
Topaic 5: Taisteal agus laethanta saoire.....	25
Topaic 6: Cúrsaí oideachais	28
Topaic 7: Caitheamh aimsire (Spórt agus ceol).....	32
Topaic 8: Bia agus deoch	36
Topaic 9: An saol laethúil	40
Topaic 10: Cúrsaí siopadóireachta.....	43
Topaic 11: An duine	47
Topaic 12: Coinní agus socruithe.....	50
Topaic 13: Ag foghlaim teangacha	53
Topaic 14: Caitheamh aimsire	57
Topaic 15: Ag labhairt faoin am atá amach romhainn	60

1. Réamhrá

Leagtar síos sa siollabas seo na réimsí úsáide teanga ba chóir a bheith ar chumas na bhfoghlaimeoirí sula dtabharfaidh siad faoi Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (B1).

Tá scrúduithe agus siollabais Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ar fáil ag na leibhéil seo:

Siollabais agus leibhéil scrúdaithe TEG
Bonnleibhéal 1 (A1)
Bonnleibhéal 2 (A2)
Meánleibhéal 1 (B1)
Meánleibhéal 2 (B2)
Ardleibhéal 1 (C1)

Léiríonn an tábla thíos an chaoi a bhfuil siollabais agus scrúduithe TEG bunaithe go ginearálta ar *The Common European Framework of Reference for Languages: Learning, Teaching and Assessment* (CEFR) a d'fhoilsigh Comhairle na hEorpa sa bhliain 2001.

Siollabais TEG agus Leibhéil Scrúdaithe	Leibhéil CEFR	Uaireanta staidéir/ foghlama*
Bonnleibhéal 1 (A1)	A1	80–100
Bonnleibhéal 2 (A2)	A2	+ 160–200
Meánleibhéal 1 (B1)	B1	+ 350–400
Meánleibhéal 2 (B2)	B2	+ 500–600
Ardleibhéal 1 (C1)	C1	+ 1000
	C2	+ 1500

* Níl anseo ach treoir.

2. An t-ábhar in *Siollabas Mheánleibhéal 1 (B1)*

Is tógáil ar na heilimintí teanga a bhí in *Siollabais Bhonnleibhéal 1 (A1)* agus in *Siollabais Bhonnleibhéal 2 (A2)* atá sa siollabas seo. Tá an bhéim ar fhorbairt agus ar thógáil.

Leagtar síos sa siollabas seo an t-íosmhéid teanga atá riachtanach chun go mbeidh foghlaimeoirí in ann feidhmiú sna réimsí atá clúdaithe sa siollabas seo. Glactar leis go gcuirtear riachtanais na bhfoghlaimeoirí san áireamh i gcónaí agus cúrsa teagaisc á dhearadh.

Is siollabas cumarsáideach an siollabas seo. Is é a chiallaíonn sin ná go ndírítear ar fheidhmeanna éagsúla a bhfuil baint acu le topaic nó le hábhar faoi leith. Ansin,

tugtar samplaí de na múnlaí cainte a d'fhéadfaí a úsáid chun na feidhmeanna sin a chur i láthair na bhfoghlaimoirí. Chomh maith leis sin, tugtar liosta focal agus frásaí a bheidh úsáideach agus an t-ábhar sin á mhúineadh sa rang. Ní liostaí cuimsitheacha iad na múnlaí cainte agus an stór focal atá sa siollabas seo, agus molaimid do mhúinteoirí riachtanais na bhfoghlaimoirí a chur san áireamh agus iad ag ullmhú a gcúrsaí féin.

Is féidir le múinteoirí an t-ábhar atá sa siollabas a chur le chéile cibé bealach atá oiriúnach don chúrsa teagaisc atá á ullmhú acu. Is é sin le rá nach gá cloí le hord ná le leagan amach na n-ábhar sa siollabas seo. Mar sin féin, tá sé tábhachtach na feidhmeanna éagsúla agus na heiseamláirí teanga a chlúdach. I gcásanna áirithe, cuirtear níos mó ná nath cainte/abairt amháin i láthair a d'fhéadfaí a úsáid chun feidhm teanga ar leith a chur i gcrích. Ag an leibhéal seo, ní miste d'fhoghlaimoirí cinneadh a dhéanamh gan na nathanna/na habairtí go léir a úsáid, ach ba chóir go dtuigfidís gach nath acu nuair a chloiseann siad iad in úsáid ag daoine eile.

Ceann de na nithe is suntasaí faoin siollabas cumarsáideach ná an chaoi a gcuirtear an ghramadach i láthair. Sna siollabais thraidisiúnta, thugtaí tús áite do mhúineadh na gramadaí, ach i siollabais chumarsáideacha, déantar na míreanna gramadaí a mhúineadh go feidhmiúil i gcomhthéacs na n-ábhar agus na dtopaicí. Cuir i gcás, déantar tagairt don tuiséal ginideach i roinnt aonad sa siollabas seo. Tá sé tábhachtach, ag an leibhéal seo, go mbeadh foghlaimoirí in ann an tuiséal ginideach a aithint, ach níltear ag moladh gur cheart na rialacha go léir a bhaineann leis an ghinideach a chur faoina mbráid. Glactar leis nár chóir faillí a dhéanamh i bpointí lárnaigh gramadaí agus gur minic a bhíonn sé úsáideach díriú go foirmeálta ar phointí gramadaí faoi leith.

Sa siollabas seo, glactar leis go gcuirfidh na múinteoirí na samplaí teanga in oiriúint do cibé canúint atá in úsáid acu féin. Bheifí ag súil leis ag an leibhéal seo go mbeadh na foghlaimoirí ag cloí den chuid is mó le canúint amháin. Bíodh sin mar atá, ba chóir go mbeidís ar an eolas faoi phríomhghnéithe na gcanúintí eile sa chaoi is nach gcuirfeadh difríochtaí canúna aon bhac ar an chumarsáid.

San alt seo thíos, tugtar léiriú achomair ar na rudaí is féidir le foghlaimoirí a bhfuil Meánleibhéal 1 (B1) bainte amach acu a dhéanamh sna scileanna éagsúla.

3. An ghramadach

Ceann de na nithe is suntasaí faoin siollabas cumarsáideach ná an chaoi a gcuirtear an ghramadach i láthair. Sna siollabais thraidisiúnta, tugadh tús áite do mhúineadh na gramadaí, ach i siollabas cumarsáideach, déantar na míreanna gramadaí a mhúineadh i gcomhthéacs na n-ábhar agus na dtopaicí. Mar shampla i dTopaic 13 (Ag foghlaim teangacha), déantar tagairt don ghinideach uatha. Tugtar na samplaí *ag foghlaim Gearmáinise* agus *ag labhairt Spáinnise* agus mínítear go mbíonn an tuiséal ginideach in úsáid tar éis an ainm bhriathartha. Nílimid ag moladh gur cheart gach riail eile a bhaineann leis an ghinideach uatha a chur i láthair na bhfoghlaimoirí

ag an leibhéal seo, ach ba cheart go mbeadh foghlaimeoirí in ann an ginideach a aithint agus go dtuigfidís cén uair a bhaintear úsáid as. Glactar leis nár chóir faillí a dhéanamh i bpointí lárnacha gramadaí agus gur minic a bhíonn sé úsáideach díriú go foirmeálta ar phointe gramadaí faoi leith.

4. Na foghlaimeoirí agus an próiseas foghlama teanga

Tá cuid mhór dá bhfuil thíos luaite sna siollabais ag na bonnleibhéil. Táthar á lua anseo arís chun a chur i gcuimhne do mhúinteoirí gur cuid lárnach, leanúnach d'aon chúrsa teagaisc is ea eolas ar straitéisí teanga agus ar fheasacht teanga.

Is maith atá a fhios ag múinteoirí nach ionann mar a éiríonn le gach foghlaimeoir agus é nó í i mbun teanga a fhoghlaim. Tá a lán rudaí ann a mbíonn tionchar acu ar rath na foghlama, mar shampla cúlra an fhoghlaimeora, pearsantacht, aois agus spreagadh.

Tuigtear anois go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an chaoi a dtéann an foghlaimeoir i mbun an phróisís foghlama. Dá mhéad machnamh a dhéanann siad orthu féin mar fhoghlaimeoirí, ar na laigí agus ar na buanna atá acu agus ar na straitéisí a mbaineann siad úsáid astu, is amhlaidh is fearr a éireoidh leo agus iad i mbun teanga a fhoghlaim.

Ní féidir glacadh leis go mbíonn an machnamh seo ar siúl ag na foghlaimeoirí go léir ná fiú go dtuigeann siad an tábhacht atá lena leithéid de chur chuige. Mar sin de, tá sé de dhualgas ar an mhúinteoir na foghlaimeoirí a spreagadh agus a threorú chun eolas a chur ar a stíl foghlama féin agus chun eolas níos fearr a chur ar na cleasa a chabhraíonn leo dul chun cinn a dhéanamh san fhoghlaim.

Sna hailt seo a leanas, cuirtear síos ar chuid de na rudaí ar cheart díriú orthu sa phróiseas teagaisc agus foghlama chun cabhrú leis na foghlaimeoirí tairbhe iomlán a bhaint as a gcuid staidéir.

4.1 Straitéisí foghlama agus cumarsáide

Is cuid nádúrtha den fhoghlaim teanga é botúin a dhéanamh agus is cinnte go dtagann deacrachtaí chun cinn le linn d'fhoghlaimeoirí a bheith ag iarraidh an teanga a úsáid. Cabhraíonn straitéisí cumarsáide leis na foghlaimeoirí a bheith níos éifeachtaí agus iad ag caint, mar go mbíonn siad ag pleanáil na rudaí atá siad chun a rá, ag coinneáil súil ar conas atá ag éirí leo agus ag glacadh céimeanna le rudaí a chur ina gceart nuair a thagann fadhbanna chun cinn. Cabhraíonn straitéisí cúitimh leo teacht slán nuair a bhíonn bearnaí ina gcuid eolais a chuirfeadh bac ar an chumarsáid.

Rachaidh sé chun sochair do na foghlaimeoirí neart deiseanna a bheith acu ar feadh an phróisís foghlama chun úsáid na straitéisí seo a fhorbairt agus cur chuige níos gníomhaí a ghlacadh maidir lena gcuid foghlama féin. Ba chóir do na múinteoirí iarracht leanúnach a dhéanamh leis na foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi conas an straitéis chuí a úsáid. Ní leor plé aon uaire sa seomra ranga; caithfidh úsáid straitéisí

a bheith ina dlúthpháirt leanúnach den teagasc agus ar cheann de na prionsabail ar a mbunaítear an cur chuige teagaisc ar fad. Ní hé go bhfuil straitéisí agus cleasa ar leith le teagasc do na foghlaimeoirí. Is é is tábhachtaí ná go gcabhrófaí leo na straitéisí maithe a mbaineann siad úsáid astu cheana a aithint agus straitéisí eile a chabhródh leo a fhorbairt de réir a chéile.

Seo thíos *cuid de na straitéisí* ar cheart do na foghlaimeoirí leas a bhaint astu:

Mar chainteoirí

- A bhfuil le rá acu a phleanáil, mar shampla stór frásaí bunúsacha a bheith ag na foghlaimeoirí. Beidh siad in ann, de ghnáth, frása oiriúnach a thabhairt chun cuimhne agus a úsáid de réir mar is gá.
- Bearnaí ina gcuid eolais a chúiteamh:
 - Cabhair a lorg i dtaca le focal/frása/pointe faoi leith.
Cén Ghaeilge atá air...?
Conas a deirtear...?
 - Ceist a chur ar dhaoine ar thuig siad an méid atá ráite.
An dtuigeann tú sin?
- Súil a choinneáil ar conas atá ag éirí leo:
 - Ceist a chur ar dhaoine eile an bhfuil an méid a dúirt siad ceart.
An bhfuil sin ceart?
 - Botúin a dhéanann siad féin a thabhairt faoi deara agus a cheartú.
 - Fadhbanna a bhíonn acu go rialta a thabhairt faoi deara agus iarracht a dhéanamh iad a cheartú.

Mar éisteoirí

- A chur in iúl nach dtuigeann siad rud éigin.
Tá brón orm. Ní thuigim sin.
Gabh mo leithscéal, ach ní thuigim sin.
- Soiléiriú a lorg.
Cad é a chiallaíonn...?
An bhféadfá é sin a mhíniú dom, le do thoil?
- Athrá a lorg.
Abair é sin arís, le do thoil.
- Deimhniú a lorg gur thuig siad i gceart cad é a bhí i gceist.
An é an 'An Fhraincis' a dúirt tú?
- Iarraidh ar dhuine labhairt níos moille.

An bhféadfá labhairt níos moille, le do thoil?

- An comhthéacs a úsáid chun buille faoi thuairim a thabhairt faoi bhrí focal/frásaí nach dtuigeann siad.

Mar fhoghlaimoirí go ginearálta

- Eolas a chur ar a stíl foghlama féin. Cad iad na rudaí a chabhraíonn leo agus cad iad na rudaí a chuireann bac orthu? Cad iad na straitéisí a mbaineann siad úsáid astu?
- A gcuid staidéir a phleanáil. Laigí agus deacrachtaí a bhíonn acu a aithint agus díriú orthu sin.
- Pleanáil sula dtugann siad faoi thascanna.
- Súil a choinneáil ar conas atá ag éirí leo le linn dóibh a bheith ag gabháil do thasc ar leith agus don fhoghlaim go ginearálta.

Le linn dóibh a bheith ag obair ar théacs nó ar thasc

- Athrá a dhéanamh os ard nó os íseal ar fhocail nó ar struchtúir.
- An úsáid chúí a bhaint as foclóirí, leabhair ghramadaí, liostaí téarmaíochta agus foinsí eile clóite nó leictreonacha.
- Rangú agus ord a chur ar ábhair nua atá á bhfoghlaim acu.
- Nóta/achóimre a dhéanamh de na príomhphointí.
- Úsáid a bhaint as an eolas atá acu cheana le buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhair nua.
- Cabhair a lorg, mar shampla athrá/soiléiriú/comhairle/samplaí breise a lorg ón mhúinteoir nó ó dhaoine eile.
- Comhoibriú le foghlaimoirí eile.

4.2 Feasacht teanga

Baineann feasacht teanga leis an tuiscint atá ag na foghlaimoirí ar an phróiseas foghlama teanga agus an machnamh a dhéanann siad faoin chaoi a bhfeidhmíonn an teanga.

Ní aon amhras ach go mbaineann na foghlaimoirí leas agus tairbhe as a leithéid de chur chuige agus iad ag sealbhú na teanga. Ba cheart na foghlaimoirí a threorú agus a spreagadh chun go mbeidh siad fiosrach faoi na nithe seo a leanas:

- an chaoi a n-oibríonn an teanga
- na patrúin éagsúla atá le haimsiú laistigh den teanga
- na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir an Ghaeilge agus an Béarla
- na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir an Ghaeilge agus teangacha eile atá ar eolas ag an fhoghlaimoir.

Ba chóir díriú ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga ar bhonn leanúnach le linn an phróisis teagaisc. Is féidir úsáid a bhaint as téacsanna oiriúnacha, idir théacsanna scríofa, théacsanna éisteachta agus téacsanna físe leis na foghlaimoirí a spreagadh chun machnamh ar na hábhair seo. Is é aidhm an chur chuige seo ná cabhrú leis an phróiseas sealbhaithe teanga trí dheiseanna a chur ar fáil do na foghlaimoirí bearnaí ina gcuid eolais féin a aithint, go háirithe sa labhairt.

Seo thíos **roinnt samplaí** de na nithe ar cheart aird na bhfoghlaimoirí a dhíriú orthu:

- Téarmaíocht na gramadaí. Tá sé tábhachtach go mbeadh na foghlaimoirí eolach ar théarmaí gramadaí na Gaeilge chun go mbeidh siad in ann labhairt faoin teanga agus chun go mbeidh siad in ann an úsáid cheart a bhaint as foclóirí agus áiseanna tagartha eile.
- Difríochtaí idir comhréir na Gaeilge agus comhréir an Bhéarla. Féach na samplaí thíos:

<i>She comes from Cork.</i>	Is as Corcaigh í.
<i>Do you like music? Yes.</i>	An maith leat ceol? Is maith.

- Na bealaí éagsúla ina gcuirtear treise ar fhocail sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Bríd: Is maith liom ceol. An maith leat **sa** ceol?

Botún coitianta sa Ghaeilge ná *leat* mar atá sa sampla thuas a fhuaimníú ar nós **you** (treisithe) an Bhéarla, i.e. leas a bhaint as béim an ghutha in áit an mhír threise *sa* a chur leis an fhocal *leat*.

- Patrúin éagsúla i ngramadach na Gaeilge a aithint. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as téacsanna oiriúnacha agus iarraidh ar fhoghlaimoirí a n-aird a dhíriú ar phatrúin éagsúla a thagann chun cinn, mar shampla cad a tharlaíonn tar éis na bhfoirmeacha ceisteacha san aimsir láithreach agus san aimsir chaite nó cad iad na hathruithe a tharlaíonn nuair a chuirtear aidiacht le hainmfhocail.
- An cineál teanga a mbaintear úsáid aisti i gcomhthéacsanna difriúla. Cuir i gcás, an mbíonn aon difríochtaí sa chineál Gaeilge a úsáidtear i gcomhthéacsanna foirmeálta agus i gcomhthéacsanna neamhfhoirmeálta? An mar an gcéanna a bheannaítear do dhuine sa Ghaeilge agus i dteangacha eile?

- Na canúintí. D'fhéadfaí cabhrú leis na foghlaimeoirí tuiscint níos fearr a fháil ar na difríochtaí idir na canúintí trína n-aird a dhíriú ar na leaganacha atá le fáil sna canúintí éagsúla. Cuir i gcás, na príomhdhifríochtaí idir na leaganacha cainte a aithint, mar shampla *ní mór dom agus caithfidh mé*, agus na focail a úsáidtear sna canúintí éagsúla, mar shampla *fataí, préataí = prátaí*.
- Cúrsaí foghraíochta. D'fhéadfaí aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar bhonn leanúnach ar chuid de na príomhdhifríochtaí idir foghraíocht an Bhéarla agus foghraíocht na Gaeilge. Cuir i gcás, na difríochtaí fuaime idir na gutaí fada agus na gutaí gairide, mar shampla *ait v áit* agus fuaimniú na ndéfhoghar, mar shampla *suas agus thuas*.

5. Cultúr na hÉireann

Beidh roinnt foghlaimeoirí ann nach as Éirinn iad, nó atá ag déanamh staidéar ar an Ghaeilge i dtíortha thar lear. Ba chóir buneolas a thabhairt dóibh maidir le gnéithe lárnacha de chultúr an hÉireann, go háirithe na gnéithe sin atá bainteach leis an Ghaeilge agus leis an Ghaeltacht.

Molaimid nár cheart aonad faoi leith teagaisc a thabhairt suas do chúrsaí cultúir ach go ndéanfaí tagairt do ghnéithe áirithe den chultúr de réir mar a thagann siad chun cinn in obair an ranga.

Seo roinnt gnéithe den chultúr ar cheart díriú orthu agus an t-ábhar in *Siollabas Mheánleibhéal 1* (B1) á mhúineadh agat: nósanna a bhaineann nó a bhain le cuid de mhórfhéilte na hÉireann anois agus san am a chuaigh thart, na cluichí Gaelacha, eolas faoin Ghaeltacht agus aon rud eile a thagann chun cinn le linn obair an ranga.

6. Na scileanna

Seo thíos léiriú gearr ar na rudaí is féidir le foghlaimeoir a bhfuil Meánleibhéal 1 (B1) bainte amach aige nó aici a dhéanamh sna scileanna éagsúla. (Féach chomh maith Topaicí an tsiollabais).

6.1 Labhairt agus Cluastuiscint

Ag an leibhéal seo bíonn foghlaimeoirí in ann páirt a ghlacadh, gan aon réamhullmhúchán, i gcomhráite faoi thopaicí coitianta a bhaineann lena ngnáthshaoil féin (féach an siollabas). Ba chóir go dtuigfidís brí ghinearálta chláir theilifíse, nó teachtaireachtaí teileafóin. Ba cheart go mbeidís in ann páirt a ghlacadh i malartú tuairimí simplí maidir le hábhair a bhfuil taithí acu orthu, ach ní fhéadfaidís dearcadh casta a chur in iúl. Is í 'an intuarthacht' (*predictability*) is tábhachtaí ag an leibhéal seo.

6.2 Léamhthuiscint

Ag an leibhéal seo, tuigeann foghlaimeoirí an bhrí ghinearálta a bhaineann le gnáthionchur faoi ábhair a bhfuil taithí acu orthu, mar shampla ailt shimplí neamhshainiúla ar nuachtáin agus ar irisí, bróisiúir nó bileoga a bhaineann le

himeachtaí cultúrtha, caitheamh aimsire agus araile. Tuigeann siad cur síos ar eachtraí, ar mhothúcháin agus araile de réir mar a chuirtear in iúl iad i ngnáthlitreacha, i dteachtaireachtaí ríomhphoist agus araile.

6.3 Scríbhneoireacht

Ag an leibhéal seo, is féidir le foghlaimoirí nótaí gearra simplí a scríobh, mar shampla teachtaireachtaí ríomhphoist agus litreacha pearsanta simplí ag tabhairt eolais ar eachtraí nó ag cur síos ar imeachtaí. Ina gcuid oibre féin, beidh siad in ann gnáthlitir a scríobh ag soláthar fíricí, dátaí agus araile. Moltar a gcuid oibre/dréachtaí a sheiceáil mar is dócha go mbeadh earráidí tromchúiseacha in obair ar bith a bheadh neamhghnách nó nach mbeadh taithí acu uirthi.

7. Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)

Tá gach eolas scrúdú seo faoin scrúdú seo agus faoi Theastas Eorpach na Gaeilge le fáil ag www.teg.ie

Topaic 1: Cúlra agus áit chónaithe

Feidhmeanna		Samplaí
1.1	Ag cur ceist ar dhuine faoina (h)ainm agus ag freagairt na ceiste sin.	Cén chéad ainm atá ort? / Cén t-ainm baiste atá ort? Niall. Cén sloinne atá ort? Mac Gearailt.
1.2	Ag fiafraí de dhaoine cé as iad agus ag freagairt na ceiste sin.	Cé as tú/sibh? Cad as duit/daoibh? Is as an Pholainn mé/dom ach tá mé i mo chónaí i mBaile Átha Cliath anois.
1.3	Ag cur ceiste faoi náisiúntacht agus ag freagairt na ceiste sin.	An as an Danmhairg tú? Ní hea, is as an Iorua mé. An Sualannach tú? Is ea. Rugadh mé in aice le Stócólm.
1.4	Ag fiafraí de dhuine cén seoladh atá aige/aici agus ag freagairt na ceiste sin.	Cén seoladh atá agat? Uimhir a cúig, Bóthar an Bhaile Bhuí. Uimhir fiche a dó, Ascaill Uí Ghríofa.
1.5	Ag lorg eolais faoin áit a bhfuil daoine ina gcónaí agus ag tabhairt an eolais sin.	Cén áit a bhfuil sé sin go díreach? Tá sé i lár na cathrach. Tá sé ar imeall na cathrach/an bhaile. Tá sé díreach in aice na farraige. Tá sé i mbruachbhaile fiche nóiméad ón chathair.
1.6	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi áiseanna.	An bhfuil áiseanna maithe sa cheantar? Tá áiseanna den scoth ann. Tá ionad siopadóireachta i lár an bhaile. Tá siopa grósaera díreach in aice liom.
1.7	Ag rá go bhfuil gá le háiseanna faoi leith.	Tá ionad spóirt ag teastáil don aos óg. Tá gá le páirc nua peile.
1.8	Ag lorg tuairimí faoi cheantar.	An maith leat an áit? An dtaitníonn an ceantar leat?
1.9	Ag cur tuairimí dearfacha in iúl faoi cheantar.	Is breá liom é. Tá mé díreach in aice leis na sléibhte agus na coillte. Tá sé go deas. Is breá liom an trá. Tá a lán feirmeacha in aice liom.
1.10	Ag cur tuairimí diúltacha in iúl	Bíonn sé an-torannach ag an deireadh

	faoi cheantar.	seachtaine. Bíonn an iomarca tráchta ann uaireanta.
--	----------------	--

Gramadach	Samplaí
An chopail <i>(ceisteanna agus freagraí)</i>	Is as an Danmhairg mé. An as Meiriceá tú? Is ea/ní hea.
Uimhir agus comhaireamh (a haon, a dó agus araile)	Tá mé i mo chónaí ag uimhir tríocha is a dó.
<i>I lár + ar imeall</i> an tuiseal ginideach	I lár an bhaile/ar imeall na cathrach. <i>(is leor na samplaí seo)</i>

Stór focal	Samplaí
Tíortha agus náisiúntachtaí	<p>An Bheilg (Beilgeach) An Ollainn (Ollannach) An tSualainn (Sualannach) An Iorua (Ioruach) An Pholainn (Polannach) An Ghréig (Gréagach) An Rúis (Rúiseach)</p>
Seoladh	<p>Bóthar Sráid Ascaill Plás Céide Cearnóg Páirc</p>
Ionad/suíomh	<p>Sa chathair/ar imeall na cathrach Sa bhaile/ar imeall an bhaile Díreach in aice leis an fharraige I mbruachbhaile</p>
Gnéithe geografacha	<p>Sliabh/sléibhte Abhainn/aibhneacha Loch/lochanna Páirc/páirceanna Cnoc/cnoic Oileán/oileáin Trá/tránna</p>
Áiseanna	<p>Ionad siopadóireachta Ionad aclaíochta Siopa athlámhe/siopa carthanais Siopa búistéara Bácús Siopa poitigéara Siopa nuachtán Siopa grósaera</p>

Beidh na foghlaimeoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

Na príomhphointí maidir le hainm iomlán, seoladh agus náisiúntacht a thabhairt. Eolas a thabhairt faoin áit a bhfuil siad ina gcónaí, mar shampla an áit ina bhfuil sé suite, na háiseanna atá le fáil ann agus na tuairimí atá acu féin faoin áit. Beidh na foghlaimeoirí in ann ceisteanna a chur ar dhaoine eile faoi na hábhair chéanna. Ceisteanna a chur agus cur síos measartha bunúsach faoi na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Beidh na foghlaimeoirí in ann na príomhnithe a bhaineann leis an ábhar seo a aithint, ar fhoirmeacha coitianta nó in ailt, mar shampla.

Scríobh

Beidh na foghlaimeoirí in ann na príomhshonraí a bhaineann leo féin a scríobh ar fhoirmeacha agus ar cheistneoirí. Beidh siad in ann cuntas a scríobh faoin áit a bhfuil cónaí orthu féin, mar shampla i litir fhoirmiúil nó i dtéacs pearsanta.

Topaic 2: An teaghlach

Feidhmeanna		Samplaí
2.1	Ag cur baill éagsúla den teaghlach in aithne.	Seo mo dheartháir céile, Pól. Seo mo chuid garpháistí, Brian agus Aoife. Ar chas tú le mo mháthair chéile, Nuala?
2.2	Ag rá go bhfuil sé go deas bualadh le duine.	Tá sé go deas bualadh leat, a Phóil.
2.3	Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil gaol acu le duine eile agus ag freagairt na ceiste sin.	An bhfuil gaol agat le Micheál? <i>nó</i> An bhfuil tú muinteartha do Mhicheál? Tá. Is col seisreacha muid. Tá. Is é Micheál m'uncail.
2.4	Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil páistí acu agus ag freagairt na ceiste sin.	An bhfuil páistí agat?/ An bhfuil clann agat? Tá cúpla againn. Seán agus Aoife.
2.5	Ag plé cúrsaí aoise.	Cé acu is sine, Pól ná Bríd? Tá Pól cúpla bliain níos sine ná Bríd. An í Áine is óige? Is í. Tá sí trí bliana níos óige ná Eoghan. Is é Pól an dara duine is óige sa teaghlach.
2.6	Ag tagairt do rudaí faoi leith a bhaineann leis an teaghlach.	Ar chuala tú go bhfuil Sandra agus Aodán geallta? Tá siad le pósadh an bhliain seo chugainn. Rugadh buachaill beag do Shorcha an tseachtain seo caite. Pósadh m'athair agus mo mháthair fiche bliain is an lá inniu. Tá cóisir againn inniu. Tá mo bhreithlá ann amárach.
2.7	Ag déanamh comhghairdeas le duine nó ag guí ratha.	Comhghairdeas. Lá breithe sona duit. Go maire tú an céad. Sin dea-scéal.

Gramadach	Samplaí
An chopail (<i>ceisteanna agus freagraí</i>)	An í Bríd is óige? Is í. Ní hí. Is é Eoin is óige.
Fiche bliain –	Trí bliana is fiche Cúig bliana agus dhá scór
Na horduimhreacha	An dara/an tríú/an ceathrú...
An tuiséal gairmeach	A Phóil A Éamoinn A Shinéad A Aoife
An aidiacht shealbhach	Mo mháthair (m'athair) Do dheartháir (d'athair) A dheirfiúr/a deirfiúr (A athair/a hathair) Ár ngaolta (ár n-athair) Bhur gcairde (bhur n-athair) A bpáistí (a n-athair)
An aidiacht bhriathartha	Geallta Pósta

Stór focal	Samplaí
Daoine	Garpháiste/garpháistí Garmhac/garmhic Gariníon/gariníonacha Máthair chéile Athair céile Deartháir céile/deartháireacha céile Deirfiúr chéile/deirfiúracha céile Leasmháthair Leasathair Leasmhac Leasiníon Leasdeartháir/leasdeartháireacha Leasdeirfiúr/leasdeirfiúracha Col ceathar/col ceathracha Col seisir/col seisreacha Cúpla Leanbh/leanaí Babaí Naíonán/naíonáin

Beidh na foghlaimoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

Cur síos iomlán a thabhairt ar a dteaghlach agus a stádas pósta. Beidh siad in ann cúrsaí aoise a phlé, daoine a chur in aithne dá chéile agus labhairt faoi ócáidí teaghlaigh. Beidh siad in ann ceisteanna faoi na hábhair chéanna a chur ar dhaoine eile. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Focail agus nathanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh a thuiscint ar fhoirmeacha agus ar cheistneoirí. Píosaí leanúnacha faoin ábhar a thuiscint i gcuntais scríofa.

Scríobh

An t-eolas cuí a bhaineann leo féin a scríobh ar fhoirmeacha agus ar cheistneoirí. Cuntas simplí a scríobh faoina dteaghlach féin.

Topaic 3: An teach

Feidhmeanna		Samplaí
3.1	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi lóistín.	Cá bhfuil tú ag cur fút anois, a Mháire? Tá árasán ar cíós agam i lár na cathrach. Bhí mé i nGaillimh ach d'aistrigh mé go Luimneach cúpla seachtain ó shin. Cheannaigh mé féin agus mo dheirfiúr teach i gCorcaigh.
3.2	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi theach.	An teach scoite atá ann? Ní hea, ach teach leathscoite. An bhfuil gairdín ann? Tá gairdín breá mór ann. An bhfuil an teach mór? Tá sé mór go leor. Tá trí sheomra leapa ann.
3.3	Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi lóistín.	An bhfuil tú sásta leis an árasán? Tá sé ceart go leor. Ba bhreá liom teach a cheannach amach anseo. Tá an tiarna talún an-lách.
3.4	Ag ainmniú na seomraí sa teach.	Seomra bia Seomra staidéir Áiléar
3.5	Ag ainmniú rudaí éagsúla atá le fáil sa teach.	Teilifiseán Leabhragán Cithfholcadán
3.6	Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi áit chónaithe.	An bhfuil tú sásta leis an teach? Tá, tá sé breá compordach. Tá sé iontach lárnach. Níl na comharsana róchairdiúil. Tá an ceantar iontach ciúin.
3.7	Ag labhairt faoi rudaí a bhíonn le déanamh sa teach nó sa ghairdín.	Tá an teas lárnach le deisiú. Tá díon nua de dhíth. Tá na fuinneoga agus na doirse le péinteáil. Caithfidh mé crainn agus plandaí a chur sa ghairdín. Caithfidh mé inneall nua níocháin a cheannach.

Gramadach	Samplaí
Uimhir iolra na n-ainmfhocal	Doras – na doirse Fuinneog – na fuinneoga Crann – na crainn Planda – na plandaí

Stór focal	Samplaí
Ginearálta	Árasán Teach scoite Teach leathscoite Teach sraithe Seomra bia Seomra staidéir Áiléar Íoslach Garáiste Gairdín
Seirbhísí	Teas (lárnach) Leictreachas Gás Ola Guthán Cuir as Cuir ar siúl/las Ní oibríonn x Tá x briste
Troscán agus trealamh sa seomra suí	Teilifiseán Leabhragán Teallach Cathaoir uilleach Cófra
Troscán agus trealamh sa chistin	Cócaireán Reoiteoir Doirteal Inneall níocháin Niteoir soithí

Stór focal	Samplaí
Troscán agus trealamh sa seomra folctha	Folcadán Cithfholcadán Gallúnach Scuab fiacra Rásúr Scuab ghruaige Cíor
Troscán agus trealamh sa seomra leaba	Tarraiceán/tarraiceáin Tábla maisiúcháin Vardrús Scáthán

Beidh na foghlaimoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

Cur síos a dhéanamh ar theach cónaithe nó lóistín agus na príomhrudaí atá le fáil i dteach a ainmniú. Tuairimí a chur in iúl faoi theach/lóistín agus labhairt faoin obair is coitianta a bhíonn le déanamh i dteach nó sa ghairdín. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Cur síos simplí agus tuairimí a bhaineann le tithe agus lóistín a thuiscint.

Scríobh

Cuntas simplí a scríobh faoin chineál lóistín atá acu féin.

Topaic 4: Cúrsaí oibre

Feidhmeanna		Samplaí
4.1	Ag fiafraí de dhaoine cén obair a dhéanann siad agus ag freagairt na ceiste sin.	Cén post/tslí bheatha atá agat? Bím ag obair le ríomhairí. Bím ag plé leis an phobal. Tá mé i gceannas ar chomhlacht ríomhairí.
4.2	Ag labhairt faoi do stádas oibre.	Tá conradh trí bliana agam. Briseadh as mo phost mé le gairid. Tá mé ar thaithí oibre faoi láthair. Ailtire a bhí ionam ach d'éirigh mé as mo phost an bhliain seo caite.
4.3	Ag déanamh cur síos ar an obair a dhéanann tú ó lá go lá.	Bím san oifig ar maidin, de ghnáth. Bíonn cruinnithe agam san iarnóin, uaireanta. Bím ag deisiú carranna.
4.4	Ag cur síos ar dhálaí oibre.	Tá na huaireanta fada go leor. Tá uaireanta solúbtha agam. Bíonn an deis agam ragobair a dhéanamh anois agus arís.
4.5	Ag cur ceist ar dhaoine faoi na pleananna atá acu agus ag freagairt na ceiste sin.	An bhfuil tú chun fanacht sa phost atá agat? Tá, tá mé breá sásta anseo. Níl mé cinnte. Chonaic mé cúpla fógra spéisiúil sa nuachtán le gairid.
4.6	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chúrsaí earcaíochta.	Ar chuir tú isteach ar an phost? Chuir. Tá agallamh agam an tseachtain seo chugainn. Bhí fógra sa nuachtán ag an deireadh seachtaine. Tá folúntas sa chomhlacht faoi láthair.
4.7	Ag fiafraí de dhaoine cad é mar a d'éirigh leo ag agallamh agus ag freagairt na ceiste sin.	Cad é mar a d'éirigh leat ag an agallamh? Go maith. Fuair mé an post. Níor éirigh liom.

Gramadach	Samplaí
Ainmfhocail agus an t-alt	An post An t-agallamh An siopa An bhliain An oifig An tslí bheatha
Réamhfhocail + an t-alt + ainmfhocail a thosaíonn le guta	Bím ag plé leis an ailtire. Bhí mé ag an agallamh. Bhí sí ag caint faoin innealtóir. Bhí sí ag caint faoin áit.

Stór focal	Samplaí
Poist	Ailtire Búistéir Fear/bean dóiteáin Léachtóir Glantóir Gruagaire Leabharlannaí Tiománaí Leictreoir Pluiméir Polaiteoir Innealtóir
Dálaí oibre	Ragobair Uaireanta oibre Uaireanta solúbtha An ceardchumann Ardú pá/ardú tuarastail
Cúrsaí earcaíochta	Folúntas Fógra Cur isteach ar phost Agallamh

Beidh na foghlaimoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

A rá cén cineál oibre atá ar siúl acu agus na gnáthrudaí a dhéanann siad san obair ó lá go lá. Beidh siad in ann cur síos a dhéanamh ar na dálaí oibre atá acu agus na pleananna atá acu maidir le cúrsaí oibre. Beidh siad in ann eolas a thabhairt agus a lorg faoi chúrsaí earcaíochta. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Gnáthchuntais ar chúrsaí oibre a thuiscint, chomh fada agus nach bhfuil aon ghá le saineolas nó saintearmaí, mar shampla ailt, litreacha nó fógraí folúntais.

Scríobh

Litir shimplí iarratais a scríobh. Soiléiriú a lorg i bhfoirm scríofa maidir le dálaí oibre. Nótaí simplí a scríobh dóibh féin le linn cruinnithe ar ábhar a bhaineann lena réimse oibre féin. Cur síos a scríobh faoin phost atá acu, an obair a dhéanann siad ó lá go lá, na dálaí oibre atá acu agus na pleananna atá acu ó thaobh na hoibre de.

Topaic 5: Taisteal agus laethanta saoire

Feidhmeanna		Samplaí
5.1	Ag fiafraí de dhaoine an raibh siad ar laethanta saoire agus ag freagairt na ceiste sin.	An raibh tú thar lear i mbliana? Bhí, chaith mé mí i Meiriceá Theas. Chaith mé cúpla seachtain ag taisteal san Afraic.
5.2	Ag tabhairt eolais faoin lóistín a bhí agat ar laethanta saoire.	Fuaireamar árasán ar cíos. D'fhanamar i dteach lóistín. D'fhanamar i láithreán campála.
5.3	Ag cur lóistín in áirithe (<i>comhrá duine le duine agus ar an teileafón</i>).	Ba mhaith liom seomra singil a chur in áirithe, le do thoil. An bhfuil seomra dúbailte agat don tríú lá déag d'Aibreán?
5.4	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoin chostas a bhaineann le lóistín.	Cá mhéad a chosnaíonn sé? Caoga euro san oíche atá ar sheomra dúbailte. An bhfuil an bricfeasta san áireamh? Tá/níl.
5.5	Ag labhairt faoin chostas a bhaineann le lóistín.	An raibh an t-árasán costasach? Bhí sé ceart go leor, timpeall ceithre chéad sa tseachtain agus bhí an leictreachas san áireamh ansin.
5.6	Ag labhairt faoi na rudaí a dhéanann daoine ar laethanta saoire.	Bhí a lán rudaí le déanamh. Thugamar cuairt ar sheanchaisleán agus ar chúpla iarsmalann. Bhí na margaí an-saor ar fad. Chaitheamar dhá lá ag sciáil.
5.7	Ag labhairt faoi chúrsaí taistil.	Fuaireamar gluaisrothar ar cíos. Thógamar an bád farantóireachta ón Aithin go Santorini. Bhíomar in aice leis an stáisiún traenach. Bhí na tacsaithe an-daor ar fad.
5.8	Ag cur tuairimí in iúl faoin aimsir.	Bhí sé tirim an chuid is mó den am. Bhí an aimsir rófhuar domsa. Bhí drochádh orainn mar bhí sé ag stealladh báistí an t-am ar fad. Bhí an t-ádh orainn mar bhí an aimsir iontach maith.

Gramadach	Samplaí
An t-ainmfhocal uatha agus iolra	Caisleán – caisleáin Margadh – margáí Bialann – bialanna
Dátaí	An chéad lá d'Eanáir An dóú/dara lá déag d'Fheabhra An t-ochtú lá is fiche de Mhárta An fichiú lá d'Aibreán...
An réimír <i>sean-</i>	Seanchaisleáin

Stór focal	Samplaí
Mór-ranna agus tíortha	An Eoraip An Afraic An Áis Meiriceá Thuaidh Meiriceá Theas An Astráil
Lóistín	Teach lóistín Árasán (ar cíós) Láithreán campála (puball) Seomra singil Seomra dúbailte
Rudaí le déanamh ar laethanta saoire	Caisleán/caisleáin Iarsmalann/iarsmalanna Margadh/margáí Ardeaglais/Ardeaglaisí Bialann/bialanna An trá/a bheith i do luí ar an trá Ag sciáil
Cúrsaí taistil	An t-aerfort Eitleán An bád farantóireachta Stáisiún na mbusanna Stáisiún na dtraenacha Tacsáí /tacsaithe

Stór focal	Samplaí
Aimsir	Aimsir mhaith Drochaimsir Tirim Gaofar Brothallach Ag cur báistí/ag stealladh báistí Siocán Oighear
Ginearálta	Málaí (a phacáil) Pas Árachas taistil

Beidh na foghlaimeoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

Cur síos a dhéanamh ar an áit a raibh siad ar laethanta saoire, an lóistín a bhí acu, an costas a bhain leis, an aimsir a bhí ann agus na rudaí a rinne siad le linn na laethanta saoire. Beidh siad in ann seomra a chur in áirithe in óstán nó i dteach lóistín, duine le duine nó ar an teileafón. Ceisteanna a chur ar dhaoine eile faoi na hábhair chéanna. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Cur síos bunúsach ar na nithe thuas a thuiscint. Ailt, bróisiúir, leathanaigh lín agus araile.

Scríobh

Cur síos a scríobh faoi na laethanta saoire a bhí acu, mar shampla i litir, i gcárta poist nó i dteachtaireacht ríomhphoist chuig cara.

Topaic 6: Cúrsaí oideachais

Feidhmeanna		Samplaí
6.1	Ag fiafraí cad é atá ar siúl ag duine/daoine agus ag freagairt na ceiste sin.	Cad é atá ar siúl ag do mhac Pól? Tá sé ag freastal ar an mheánscoil go fóill. Tá sé sa dara bliain san ollscoil. Thosaigh sé ar rang oíche sa ríomhaireacht ansin le déanaí.
6.2	Ag fiafraí cad iad na hábhair atá ar siúl ag duine/daoine agus ag freagairt na ceiste sin.	Cad iad na hábhair atá ar siúl aige? Béarla agus Gearmáinis. Cén cúrsa atá á dhéanamh aige/aici? Tá sé ag déanamh staidéar ar an Stair.
6.3	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi na cáilíochtaí atá agat.	Cad iad na cáilíochtaí atá agat? Fuair mé dioplóma sa Fhraincis le gairid. Fuair sí céim san eolaíocht sa bhliain dhá mhíle a cúig déag.
6.4	Ag cur rogha in iúl.	B'fhearr liom an Stair ná an Béarla. Bhí an Ghearmáinis níos deacra ná an Fhraincis.
6.5	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chúrsaí/ranganna.	Cén uair a bheidh an cúrsa sin ag tosú? An chéad Luan den mhí seo chugainn. Cá mhéad leibhéal a bheidh ann? Trí leibhéal: bunrang, meánrang agus ardrang. Cén costas atá air? Dhá chéad euro. Cá fhad a mhairfidh an cúrsa? Deich seachtaine ar fad.
6.6	Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi chúrsa.	An dtaitníonn an cúrsa leat? Tá an t-ábhar an-deacair. Bíonn an iomarca le léamh. Cad é do bharúil faoin chúrsa? Tá an t-ábhar iontach spreagúil. Tá sé ceart go leor, ach tá mé buartha faoi na scrúduithe.

Gramadach	Samplaí
Céimeanna comparáide na haidiachta (<i>na cinn rialta agus neamhrialta</i>)	Níos deacra Níos suimiúla Is deise Is fusa
Úsáid an réamhfhocail <i>ar</i> + séimhiú	Ag freastal ar chlochar. Ag déanamh staidéar ar an Fhraincis.
An aimsir fháistineach de na briathra rialta agus neamhrialta (<i>ceisteanna, freagraí agus ráitis</i>)	Beidh an rang ag tosú go luath. Nach mbeidh tú i láthair? Beidh/ní bheidh. Cén cúrsa a dhéanfaidh tú an téarma/seimeastar seo chugainn?

Stór focal	Samplaí
Ionaid oideachais	Naíonra Bunscoil Meánscoil Ollscoil Coláiste Institiúid Teicneolaíochta
Ábhair <i>(móide na cinn atá déanta nó á ndéanamh ag na foghlaimeoirí)</i>	Gaeilge Béarla Matamaitic Teangacha (Fraincis/Gearmáinis/Iodáilis) Tíreolaíocht Ríomhaireacht Eacnamaíocht Eolaíocht Ealaín Staidéar gnó Stair
Cáilíochtaí <i>(móide cibé cáilíochtaí atá i dtír an fhoghlaimeora)</i>	An Teastas Sóisearach An Ardteistiméireacht Teastas Dioplóma Céim Iarchéim
Ginearálta	Cúrsa Rang oíche Bunrang Meánrang Ardrang Scrúdú/scrúduithe

Beidh na foghlaimeoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

Cur síos bunúsach a thabhairt ar an oideachas a fuair siad agus na hábhair a ndearna siad staidéar orthu agus ar na cáilíochtaí atá acu. Eolas bunúsach a lorg agus a thuiscint faoi chúrsa nó faoi rang. Tuairimí a chur in iúl agus a lorg faoi chúrsaí. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Cur síos bunúsach ar na nithe thuas a thuiscint. Na príomhphointí eolais a bhaineann leis na hábhair seo a thuiscint in ailt, i mbróisiúir agus ar leathanaigh ghréasáin, mar shampla bileoga bolscaireachta/foirmeacha iarratais do ranganna nó do chúrsaí oíche.

Scríobh

Cur síos a scríobh faoi na cáilíochtaí atá acu féin. Foirmeacha simplí iarratais i gcomhair cúrsa/ranga a líonadh.

Topaic 7: Caitheamh aimsire (spórt agus ceol)

Feidhmeanna		Samplaí
7.1	Ag cur ceist ar dhaoine faoin chaitheamh aimsire atá acu agus ag freagairt na ceiste sin.	<p>Cad é an caitheamh aimsire atá agat? Is breá liom ceol. Is breá liom a bheith ag éisteacht le ceol clasaiceach.</p> <p>Cad é a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat? Nuair a bhíonn aimsir mhaith ann, téim ag snámh san fharraige.</p> <p>Cad é a dhéanann tú ag an deireadh seachtaine? Ní dhéanaim mórán, de ghnáth, ach uaireanta, téim chuig cluiche peile le mo mhac.</p>
7.2	Ag fiafraí de dhaoine an ndéanann siad rud faoi leith.	<p>An féidir leat aon uirlis cheoil a sheinm? Bím ag seinm ar an ghiotár ag seisiúin sa teach tábhairne anois is arís. An gcanann tú? Bím ag canadh le banna ceoil áitiúil.</p>
7.3	Ag lorg tuairimí faoi chúrsaí ceoil.	<p>Cad a cheapann tú den dlúthdhiosca nua atá ag X nó Y? An maith leat an t-amhrán nua atá X nó Y?</p>
7.4	Ag cur tuairimí in iúl faoi chúrsaí ceoil.	<p>Measaim go bhfuil an sean-nós leadránach. Tá an singil nua le X ar fheabhas.</p>
7.5	Ag cur tuairimí in iúl faoi chúrsaí spóirt.	<p>Ní dóigh liom go bhfuil foireann mhaith ag Éirinn faoi láthair. Ní fheictear dom go bhfuil aon chontúirt ag baint le dornálaíocht.</p>
7.6	Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil ballraíocht acu in eagraíocht agus ag freagairt na ceiste sin.	<p>An bhfuil tú i do bhall d'aon chlub nó d'aon chumann? Tá mé i mo bhall de chlub peile. Tá mé sa chumann dornálaíochta le cúpla bliain anuas.</p>
7.7	Ag tabhairt eolais faoi imeachtaí na n-eagraíochtaí sin.	<p>Casaimid le chéile uair sa tseachtain. Bíonn cleachtadh againn gach maidin Dé</p>

	Domhnaigh. Bíonn cúpla comórtas ar siúl sa samhradh.
--	---

Gramadach	Samplaí
Caint indíreach <i>(dearfach agus diúltach san aimsir láithreach agus san aimsir chaite)</i>	Tá an grúpa sin go maith. Is/ní dóigh liom go bhfuil an grúpa... Bím ag ceol le grúpa áitiúil. Deir Pól go gcasann sé le grúpa áitiúil.
Ainmfhocal + aidiacht	Bhí mé ag an cheolchoirm. Dúirt Seán go raibh sé ag an cheolchoirm.
An aidiacht shealbhach + ainmfhocal + an réamhfhocal <i>de</i>	Foireann mhór Aclaíocht mhaith Aimsir bhreá Tá mé i mo bhall de chlub peile. An bhfuil tú i do bhall de chlub spóirt? Tá sí ina ball den chlub áitiúil. Táimid go léir inár mbaill den chumann.

Stór focal	Samplaí
Cineálacha ceoil	Ceol traidisiúnta Ceol clasaiceach Ceol tíre Popcheol Rac-cheol Na gormacha Snagcheol
Uirlisí ceoil	An pianó An giotár An fheadóg stáin An fheadóg mhór An fhidil An bodhrán An chláirseach
Ceol (<i>ginearálta</i>)	An ceoltóir/na ceoltóirí An t-amhránaí/na hamhránaithe An t-amhrán/na hamhráin Banna/grúpa ceoil Cór Dlúthdhiosca An t-albam

Stór focal	Samplaí
Cineálacha spóirt	Camógaíocht Dornálaíocht Haca Cruicéad Rásaíocht capall Rásaíocht gluaisteán Téigh + ag bádóireacht/ag seoltóireacht/ag marcaíocht/ag dreapadóireacht/ag rámhaíocht
Spóirt (<i>ginearálta</i>)	An fhoireann Imreoir/imreoirí Réiteoir Comórtas Traenáil Aclaí Aclaíocht Bhí/beidh an bua ag... Chaill siad an cluiche.
Na séasúir	An geimhreadh An samhradh An fómhar An t-earrach

Beidh na foghlaimoírí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

Labhairt faoi chúrsaí ceoil agus spóirt i gcomhthéacs a saoil féin. Beidh siad in ann tuairimí a chur in iúl agus a lorg faoi nithe éagsúla a bhaineann le ceol agus spóirt agus faoi eagraíochtaí a bhfuil siad féin páirteach iontu.

Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Na príomhsmoainte in ailt faoi chúrsaí ceoil agus spóirt a thuiscint. Bileoga, bróisiúir nó aon bholscaireacht eile a bhaineann le himeachtaí ceoil/spóirt agus caitheamh aimsire go ginearálta a thuiscint.

Scríobh

Cur síos simplí a scríobh faoin spéis atá acu féin i gcúrsaí spóirt agus ceoil.

Bileog/bróisiúir simplí a chur le chéile ag fógairt ócáid spóirt nó ócáid cheoil agus ag tabhairt eolais mar seo a leanas: am, áit agus costas.

Topaic 8: Bia agus deoch

Feidhmeanna		Samplaí
8.1	Ag fiafraí de dhaoine cén cineál bia a thaitníonn leo agus ag freagairt na ceiste sin.	An maith leat bia lodálach? Is breá liom é. Cén cineál bia a thaitníonn leat? Tá dúil mhór agam i mbia Síneach. Taitníonn gach cineál bia liom. Is fearr liom bia Francach
8.2	Ag tabhairt cuireadh do dhaoine.	Ar mhaith leat dul le haghaidh cupán caife liom amárach? Ar mhaith leat dinnéar a ithe liom oíche Shathairn seo chugainn?
8.3	Ag glacadh le cuireadh nó ag diúltú do cuireadh.	Ba bhreá liom, bheadh sé sin go deas. Tá brón orm ach beidh cuairteoirí agam an deireadh seachtaine seo.
8.4	Ag cur tábla in áirithe.	Ba mhaith liom tábla a chur in áirithe do bheirt, le do thoil. Cinnte, cén uair go díreach? Dé Sathairn ag leathuair tar éis a hocht. Beidh sé sin ceart go leor. Tabhair dom d'ainm agus uimhir theagmhála, le do thoil. Pól Ó Sé agus is í an uimhir atá agam ná 7689654.
8.5	Ag fiafraí an bhfuil tábla saor.	An bhfuil tábla agat do bheirt, le do thoil?
8.6	Ag fiafraí de dhaoine cad é ba mhaith leo le hithe.	Céard a bheidh agat/agaibh? Céard ba mhaith leat/libh?
8.7	Ag ordú bia.	Beidh an sailéad agam don chéad chúrsa agus ansin beidh an trosc agam don phríomhchúrsa.
8.8	Ag cur ceisteanna faoin bhia.	An bhfuil gairleog san anlann? An bhfuil cnónna ann? Ní réitíonn siad liom.
8.9	Ag fiafraí de dhaoine ar mhaith leo milseog a bheith acu agus ag freagairt na ceiste sin.	Ar mhaith leat/libh milseog a bheith agat? Níor mhaith, go raibh maith agat. Cupán caife go díreach. Beidh an sailéad torthaí agam(sa), le do thoil.

Feidhmeanna		Samplaí
8.10	Ag cur tuairimí in iúl faoi bhéile.	Tá na pónairí seo róbhruite. Nach gceapann tú go bhfuil an fíon seo rud beag searbh? Tá an t-uibheagán seo iontach uisciúil. Sílim go bhfuil an tseirbhís an-mhall. Tá an t-iasc seo deas úr. Bhí an béile ar fheabhas ar fad, nach raibh? Ní dóigh liom go bhfuil mórán ar an bhiachlár d'fheoilséantóirí.

Gramadach	Samplaí
Aidiachtaí	Arán Francach Fíon Spáinneach Bia Iodálach Beoir Ghearmánach
An modh coinníollach	Bheadh/ní bheadh (<i>is leor na samplaí seo</i>)
Na réimíreanna <i>an-</i> agus <i>ró-</i>	An-bhlasta An-deas Róthrom Róspíosrach
An réamhfocal <i>do</i>	Do Mháire D'Anna Don mhilseog Don dinnéar Don oíche

Stór focal	Samplaí
Cineálacha bia	Bia Iodálach, Bia Síneach, Bia Indiach Bia Francach
Bia	<p>Úll, oráiste, banana, piorra, líomóid</p> <p>Piobar dearg/buí/glas Tráta/trátaí Pónairí Brocaílí Cabáiste Leitís</p> <p>Muiceoil, bagún, ispín/ispíní, mairteoil uaineoil, liamhás</p> <p>Turcaí Lacha</p> <p>Bia mara Breac (geal) Trosc Diúilicín</p> <p>Bruite (prátaí bruite) Friochna (uibheacha friochta) Rósta (sicín rósta) Bácáilte (brádán bácáilte)</p>
Aidiachtaí	<p>Úr Milis Uisciúil Géar Searbh Mall (seirbhís mhall)</p>
Ginearálta	<p>Feoilséantóir/veigeatóir Slisín/slisíní Salann Piobar An tseirbhís Síneadh láimhe Anlann Gairleog Cnónna</p>

Beidh na foghlaimeoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

A rá cén cineál bia a thaitníonn leo, glacadh le cuireadh nó diúltú do chuireadh agus cúiseanna a thabhairt má dhiúltaíonn siad. Tábla a chur in áirithe, béile a ordú agus ceisteanna a chur faoin bhia chomh maith le tuairimí a chur in iúl faoi bhéile.

Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Formhór na bhfocal agus na nithe a bhíonn le fáil ar ghnáth-bhiachlár a thuiscint.

Cuirí chuig ócáidí éagsúla a thuiscint.

Scríobh

Nóta nó teachtaireacht shimplí ríomhphoist a chur chuig cairde/gaolta le cuireadh chun dinnéir a thabhairt dóibh. Freagra diúltach/dearfach a chumadh ar a leithéid de chuireadh.

Topaic 9: An saol laethúil

Feidhmeanna		Samplaí
9.1	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi cé a dhéanann obair an tí.	Cé a dhéanann an chócaireacht? Déanann mo pháirtí an chócaireacht agus déanaimse an gharraíodóireacht. Tugann na páistí aire do na peataí.
9.2	Ag déanamh cur síos ar obair an tí.	Déanaim na héadaí a ní gach Luan. Bíonn orm na héadaí a iarnáil ag an deireadh seachtaine.
9.3	Ag fiafraí de dhaoine cad a dhéanann siad ag amanna faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin.	Cad é a dhéanann tú ar maidin de ghnáth? Nuair a bhíonn an aimsir olc, tugaim síob chuig an scoil do na páistí. Déanaim an tsiopadóireacht luath ar maidin. Casaim le mo chuid deirfiúracha le haghaidh lóin gach Máirt. Bíonn orm dul go dtí an banc agus oifig an phoist uair sa tseachtain. Cad é a dhéanann tú san oíche? De ghnáth, cabhraím le mo chuid páistí an obair bhaile a dhéanamh. An bhfeiceann tú do chuid garpháistí go minic? Tagann siad ar cuairt chugam uair sa choicís nó mar sin.
9.4	Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil scéal nuachta ar bith acu.	An bhfuil nuacht ar bith agat?
9.5	Ag déanamh cur síos ar rudaí a tharla.	Rugadh leanbh, cailín beag, do m'iníon Bríd, arú aréir. D'éirigh liom sa scrúdú tiomána an tseachtain seo caite. Chaill Micheál a phost le gairid. Fuair col ceathrar liom bás i Meiriceá le gairid.
9.6	I ndiaidh drochscéal a chloisteáil.	Tá brón orm sin a chloisteáil. Sin drochscéala. Comhghairdeas, is dea-scéala é sin.

9.7	I ndiaidh dea-scéala a chloisteáil.	Go maire tú an dea-scéala. Tá mé sásta sin a chloisteáil.
Gramadach		Samplaí
An t-ainm briathartha i gciall an infinidigh <i>Mo + cuid</i> An réimír <i>droch-</i>		Caithfidh mé an teach a ghlanadh. Ba cheart do Sheán na fuinneoga a ní. Ba mhaith liom an seomra suí a phéinteáil. Mo chuid deartháireacha Mo chuid deirfiúracha Drochscéal Drochthimpiste Drochaimsir
Stór focal		Samplaí
Obair an tí Baill den teaghlach Peataí Tréimhsí ama		Glanaim an teach. Ním na soithí. Péinteálaim na ballaí. Gearraim an féar. Ním na fuinneoga. Scuabaim an t-urlár. Déanaim na héadaí a iarnáil. Déanaim an tsiopadóireacht. Réitím/ullmhaím béile. Cuirim litreacha sa phost. Cuirim airgead sa bhanc. Cuirim peitreal sa ghluaisteán. Téim ar Aifreann. Téim chuig an ghruagaire. Garpháiste/garpháistí Gariníon/gariníonacha Garmhac/garmhic Páirtí (mo pháirtí) Cat Puisín/piscín Madra Coileán Ar maidin San iarnóin Tráthnóna San oíche Uair/dhá uair/cúpla uair sa tseachtain/choicís/mhí/bhliain Gach Luan/gach Máirt...

Beidh na foghlaimeoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

Cur síos a dhéanamh ar na gnáthrudáí a dhéanann siad féin agus daoine eile sa teach ó lá go lá. Cur síos a dhéanamh ar rudaí a tharla ina saol le gairid agus comhghairdeas nó comhbhrón a dhéanamh le duine nó le daoine eile. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintéarmaí.

Léamh

Teachtaireachtaí simplí buíochais, comhghairdis agus bróin a thuiscint. Cur síos simplí faoin ghnáthshaol laethúil a thuiscint, chomh fada agus nach bhfuil aon saineolas nó téarmaí speisialta in úsáid.

Scríobh

Teachtaireachtaí simplí buíochais, comhghairdis agus bróin a scríobh. Cur síos simplí a scríobh faoi na rudaí a dhéanann siad ó lá go lá.

Topaic 10: Cúrsaí siopadóireachta

Feidhmeanna		Samplaí
10.1	Ag rá go gcaithfidh tú ball nua éadaigh a cheannach.	Tá bróga úra ag teastáil uaim. Caithfidh mé cóta báistí a cheannach. Tá an ceann seo caite.
10.2	Ag rá go gcaithfidh tú rud éigin a cheannach don teach.	Caithfidh mé pluid nua a cheannach don leaba. Tá tuáillí nua de dhíth orm.
10.3	Ag rá go gcaithfidh tú bronntanas a cheannach do dhuine.	Tá breithlá Shíle ann gan mhoill; caithfidh mé bronntanas a cheannach di. Tá Micheál ag éirí as an obair an tseachtain seo chugainn; caithfidh mé rud éigin a cheannach dó. Bhog Máire isteach sa teach nua le gairid, caithfidh mé bronntanas a cheannach di.
10.4	Ag lorg tuairimí daoine eile maidir le bronntanais.	An dóigh leat gur mhaith léi scairf dheas? Sin smaoineamh maith, is breá léi rudaí mar sin. An dtaitneodh uaireadóir leis, meas tú? Tá mé cinnte go dtaitneodh. An gceapann tú gur mhaith le Sorcha slabhra? Tá mé cinnte gur mhaith. Is breá léi seodra.
10.5	Ag cur tuairimí in iúl faoi earraí.	Tá dath deas ar na pluideanna sin. Tá na hearraí sa siopa seo i bhfad róchostasach. Bheadh na fáinní cluas sin foirfe d'Áine.
10.6	Ag cur tuairimí in iúl faoi éadaigh.	Sílim go bhfeileann an dath glas sin duit. Tá an geansaí sin go hálainn ort. Is dóigh liom go bhfuil an gúna sin róscailte ort. Tá an sciorta seo beagáinín rótheann orm.
10.7	Ag cur agus ag freagairt ceisteanna le linn duit a bheith ag ceannach éadaí.	Ar mhaith leat uimhir/méid eile? B'fhéidir go mbeadh uimhir a dó dhéag níos fearr. Ar mhaith leat dath eile a thriail? Rud éigin níos dorcha, b'fhéidir?

		<p>Cén uimhir bróige a chaitheann tú? Uimhir a hocht, de ghnáth. An bhfuil sé iontach costasach? Tá sé costasach go leor, céad fiche euro.</p>
Gramadach		Samplaí
<p>Céimeanna comparáide na haidiachta <i>(rialta agus neamhrialta)</i></p> <p><i>ag teastáil + ó</i></p> <p>uimhreacha <i>(os cionn 100)</i></p> <p>An modh coinníollach <i>(na briathra taitin, bí agus caith)</i></p>	<p>Níos faiseanta Níos oiriúnaí Níos giorra</p> <p>Ag teastáil... uaim/uait/ uaidh/uaithe/ uainn/uaibh/uathu</p> <p>Céad fiche euro Dhá chéad caoga is sé euro Trí chéad seasca is cúig euro</p> <p>An dtaitneodh scairf le Máire? Thaitneodh/ní thaitneodh. Is dóigh liom go dtaitneodh. An mbeadh an scairf seo níos fearr? Bheadh /ní bheadh. Ní chaithfinn léine mar sin.</p>	

Stór focal	Samplaí
<p>Earraí tí</p> <p>Éadaigh</p>	<p>Pláta/plátaí Cupán/cupáin Gloine/gloiní Fochupán/fochupáin Forc/foirc Scian/sceana Spúnóg/spúnóga Sáspan/sáspain Crúiscín/crúiscíní Mias/miasa Babhla/babhlaí Citeal Pluid/pluideanna Piliúr/piliúir Braillín/braillíní Tuáille/tuáillí</p> <p>Blús Scairf Riteoga Cuaráin Buataisí Cíochbheart Crios Lámhainní/miotóga Culaith spóirt Éadaí samhraidh Éadaí geimhridh</p>
<p>Seodra</p> <p>Aidiachtaí</p>	<p>Uaireadóir Slabhra Bráisléad Fáinne Fáinní cluas</p> <p>Dúghorm Airgead Ór Faiseanta Seanfhaiseanta Caite</p>

Beidh na foghlaimeoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

A rá cén fáth a gcaithfidh siad rud éigin a cheannach, mar shampla bronntanais, éadaigh agus earraí tí. Tuairimí a lorg agus a chur in iúl maidir le bronntanais, éadaigh agus earraí tí. A bheith in ann cabhrú le daoine agus iad ag ceannach éadaigh. A bheith in ann a ngnó a dhéanamh i siopaí. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Uimhreacha a thuiscint i gcomhthéacs praghsanna agus uimhreacha bróige, agus araile.

Scríobh

Liosta siopadóireachta a scríobh dóibh féin nó do dhaoine eile.

Topaic 11: An duine

Feidhmeanna		Samplaí
11.1	Ag ainmniú baill éagsúla den chorp.	Gualainn/guaillí Uillinn Ucht
11.2	Ag fiafraí de dhaoine cad é mar a bhraitheann siad agus ag freagairt na ceiste sin.	Conas a bhraitheann tú, a Phádraig? Níl mé rómhaith, tá mé ag dul faoi scian an tseachtain seo chugainn. Tá mé ag mothú i gceart arís.
11.3	Ag rá cad atá cearr le duine.	Tá fadhbanna croí aige. Dhóigh sé a láimh sa mhonarcha inné ach tá sé ag teacht chuige féin anois. Tá drochdhóigh uirthi; bhí taom croí aici le déanaí.
11.4	Ag labhairt faoi phleananna atá agat.	Tá mé chun éirí as na toitíní sa bhliain nua. Caithfidh mé níos mó torthaí agus glasraí a ithe. Tá sé i gceist agam níos mó aclaíochta a dhéanamh.
11.5	Ag cur ceiste faoi phearsantacht duine.	Cén cineál duine é Seán? Cén saghas duine atá inti, meas tú? Céard a cheapann tú de Phádraig?
11.6	Ag cur síos ar phearsantacht duine.	Tá sé lách. Tá an chuma uirthi go bhfuil sí faiteach. Sílim go mbíonn sé ardnósach uaireanta. Is breá liom é. Tá sé an-ghreannmhar.
11.7	Ag cur mothúchán in iúl.	Bhí ionadh orm nuair a chuala mé an scéal. Tá brón orm gur chaill tú do phost. Tá áthas orm go bhfuil tú in ann bualadh liom.
11.8	Ag cur agus ag freagairt ceisteanna faoi mhothúcháin.	An bhfuil tú neirbhíseach faoin scrúdú tiomána? Níl, i ndáiríre. Bíom ag cleachtadh gach lá. An raibh tú sásta leis an scrúdú? Ní raibh. Mheas mé go raibh sé an-deacair ar fad.

		Caithfidh sé go bhfuil tú ag súil leis na laethanta saoire. Tá mé ag súil go mór leo.
Gramadach		Samplaí
Forainmneacha réamhfhoclacha		Tá brón orm. Tá eagla orm roimh... Tá amhras orm faoi...
An aidiacht shealbhach		Mo/do/a/a/ár/bhur/a
Stór focal		Samplaí
Páirteanna den cholainn		Gualainn/guaillí Com Leiceann/pluc Muineál Ucht (brollach) Uillinn Caol na láimhe Cromán/corróg Más/leis Fabhra/fabhraí Mala/malaí Na scamhóga Na duáin An t-ae An croí
Cúrsaí tinnis		Fadhbanna croí/sna scamhóga... Taom croí Ailse Plúchadh Airtríteas Stróc Obráid/dul faoi scian Oideas dochtúra Cógais leighis
Tréithe		Lách Faiteach (cúthail) Féinmhuinéach Greannmhar Ciallmhar Fial Ionraic Leisciúil Leithleach

Mothúcháin	Foighneach Ciúin Réchúiseach Éirimiúil Ardnósach Áthas Brón Lúcháir Fearg Eagla Náire Díomá Ionadh/iontas Bród Éad
------------	--

Beidh na foghlaimeoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

Cur síos ar an chuma atá ar dhuine, ceisteanna a chur ar dhaoine faoina sláinte féin agus faoi shláinte daoine eile agus labhairt faoi na pleananna atá acu maidir le sláinte agus cúrsaí aclaíochta. Ceisteanna a chur faoi phearsantacht agus faoi mhothúcháin agus cur síos a thabhairt ar na rudaí céanna. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Cur síos faoi na hábhair thuas a thuiscint in ailt agus in ábhair eile, chomh fada agus nach mbaintear úsáid as an iomarca saintearmaí.

Scríobh

Cur síos simplí a scríobh faoi thinneas, mar shampla i nóta nó i dteachtaireacht ríomhphoist chuig fostóir ag míniú cén fáth nach mbeidh siad i láthair ag an obair.

Topaic 12: Coinní agus socrúithe

Feidhmeanna		Samplaí
12.1	Ag déanamh coinne (<i>foirmeálta</i>)	Ba mhaith liom coinne a dhéanamh leis an Uasal Ó Dúill, le do thoil. Cinnte, beidh sé saor maidin amárach. An mbeidh a haon déag ceart go leor? Beidh sé sin go breá, go raibh maith agat.
12.2	Ag déanamh coinne (<i>neamhfhoirmeálta</i>)	An rachaimid chuig an phictiúrlann anocht? Ba bhreá liom é sin. Cad é atá ar siúl? Scannán nua le Mike Leigh. Deirtear go bhfuil sé go maith. Tá ticéid agam don dráma <i>Translations</i> , le Brian Friel. Ar mhaith leat dul ann san oíche amárach? Ba bhreá liom é sin, ach ar an drochuair, beidh mé ag obair mall amárach.
12.3	Ag cur leibhéil éagsúla dóchúlachta in iúl.	Seans maith go mbeidh mé cúpla nóiméad déanach. Is dócha go mbeidh Pól déanach mar tá coinne aige.
12.4	Ag cur cruinniú ar athlá nó ar ceal.	Tá brón orm. Caithfidh mé an cruinniú sin a chur siar mar gheall ar an drochaimsir. Tá brón orm. Caithfidh mé an cruinniú sin a chur ar ceal mar tá mo mháthair tinn. Ní bheidh an cruinniú ar siúl inniu de bharr go bhfuil an bainisteoir tinn.
12.5	Ag cur bróin in iúl.	Is trua liom é sin. Ní maith liom do scéal. Tá brón orm sin a chloisteáil. Ní maith liom do bhris.
12.6	Ag gabháil leithscéil agus ag tabhairt freagra ar leithscéal.	Tá brón orm ach ní bheidh mé i láthair ag an chruinniú anocht. Tá sé sin ceart go leor. Ná bí buartha. Gabh mo leithscéal, ach ní bheidh am agam casadh leat amárach.

		Is cuma faoi sin. Déanfaimid é an tseachtain seo chugainn.
Gramadach		Samplaí
Ainmfhocal firinsneach a thosaíonn le guta + réamhfhocal roimhe		An tUasal Ó Dúill Ag caint leis an Uasal Ó Dúill An tUachtarán Bhí coinne agam leis an Uachtarán.
An t-infinideach agus cuspóir		Ba mhaith liom coinne a dhéanamh. Tá brón orm an scéal sin a chloisteáil. Caithfimid socrú a dhéanamh. Ba mhaith liom bronntanas a cheannach do Mháire.
An aimsir fháistineach den bhriathar (<i>rialta agus neamhrialta</i>)		An mbeidh tú ann? Beidh/ní bheidh. Cuirfidh mé an litir sa phost.
Caint indíreach (<i>an modh coinníollach in áit na haimsire fáistíní – roinnt bheag briathra</i>)		Dúirt Seán go gcaithfeadh sé imeacht go luath. Dúirt sé nach mbeadh sé déanach.
Stór focal		Samplaí
<p><i>Féach: Aonad 5 Taisteal agus laethanta saoire</i> <i>Aonad 7 Caitheamh aimsire (spórt agus ceol)</i> <i>Aonad 9 An saol laethúil</i></p>		

Beidh na foghlaimoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

Coinne nó socrú foirmeálta nó neamhfhoirmeálta a dhéanamh le duine nó daoine eile. Coinne nó socrú a chur ar ceal nó ar athlá, brón a chur in iúl agus leithscéal a ghabháil agus freagra a thabhairt ar leithscéal. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Nótaí, litreacha, teachtaireachtaí ríomhphoist, fógraí agus araile a bhaineann le coinní agus socruithe a léamh agus a thuiscint, chomh fada agus nach bhfuil aon saintearmaí in úsáid iontu.

Scríobh

Nótaí, litreacha, agus teachtaireachtaí ríomhphoist simplí a scríobh ag déanamh socruithe bunúsacha maidir le coinní agus cruinnithe.

Topaic 13: Ag foghlaim teangacha

Feidhmeanna		Samplaí
13.1	Ag fiafraí de dhaoine cad iad na teangacha ata acu agus ag freagairt na ceiste sin.	Cad iad na teangacha atá agat? Tá Iodáilis agam agus tá mé ag déanamh staidéar ar an Ghearmáinis faoi láthair
13.2	Ag fiafraí de dhaoine faoin eolas atá acu ar theangacha faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin.	An bhfuil Spáinnis ar do thoil agat? Tá, tá mé líofa. An féidir leat Gearmáinis a labhairt? Is féidir, ach níl mé rómhaith.
13.3	Ag labhairt faoi do chumas i dteangacha faoi leith.	Tá mé ag foghlaim Gaeilge. Tá rud beag Gaeilge agam. Tá mé in ann Iodáilis a labhairt go maith. Tuigim an Fhraincis ach ní féidir liom í a scríobh. Tá Gearmáinis mhaith agam.
13.4	Ag cur tuairimí in iúl faoi fhoghlaim teanga.	Tá an ghramadach an-deacair. Sílim go bhfuil na fuaimeanna an-chasta. Is breá liom na canúintí difriúla. Níl na focail ródheacair.
13.5	Ag déanamh comparáid idir teangacha.	Cé acu is fearr leat an Ghaeilge nó an Fhraincis? An Ghaeilge; tá sí níos fusa. Cé acu is fusa, an Spáinnis nó an Iodáilis? Is dóigh liom go bhfuil an ghramadach níos fusa san Iodáilis. Is dóigh liom go bhfuil an Spáinnis níos casta ná an Iodáilis. Measaim go bhfuil sé níos fusa an Fhraincis a thuiscint ná an Spáinnis.
13.6	Ag labhairt faoi chúrsaí teanga.	Rinne mé cúrsa i nGaeltacht Dhún na nGall ag an Cháisc. Rinne mé cúrsa deireadh seachtaine le gairid. Tá mé ag freastal ar rang oíche sa chathair faoi láthair.
13.7	Ag lorg tuairimí agus ag cur tuairimí in iúl faoi chúrsaí agus ranganna teanga.	Ar thaitin an cúrsa leat? Thaitin. Bhí sé iontach.

13.8	Ag cur ceisteanna faoi scrúdú agus ag freagairt ceisteanna faoin ábhar sin.	Thaitin an cúrsa ar an Cheathrú Rua go mór liom. D'fhoghlaim mé a lán sa rang. Bhí an múinteoir an-mhaith ar fad. Bhí an rang leadránach. Bhí an-bhéim ar an ghramadach. An ndearna tú aon scrúdú Gaeilge fós? Rinne mé Bonnleibhéal 2 (A2) an bhliain seo caite. Bhí sé ceart go leor ach bhí an scrúdú measartha deacair.
13.9	Ag lorg cabhrach sa rang teanga.	Abair é sin arís, le do thoil. Cén Ghaeilge atá ar...? Cad é mar a deirtear... as Gaeilge? Cén fáth a bhfuil séimhiú/urú ansin?
Gramadach		Samplaí
<p>An t-alt + ainmfhocal</p> <p>Ainmfhocal + aidiacht</p> <p>Ainmfhocal iolra + aidiacht</p> <p>Céimeanna comparáide na haidiachta</p> <p>Caint indíreach</p> <p>An tuiseal ginideach tar éis an ainm bhriathartha <i>(Is leor a bheith in ann é a aithint ag an leibhéal seo.)</i></p>	<p>An Pholainnis An Ghearmáinis An tSeapáinis An tSínis</p> <p>Fraincis mhaith Gearmáinis mheasartha</p> <p>Fuaimeanna difriúla Teangacha deacra</p> <p>Deacair – níos deacra Furasta – níos fusa</p> <p>Feictear dom nach bhfuil... Is dóigh léi go bhfuil...</p> <p>Ag foghlaim Gearmáinise Ag labhairt Spáinnise</p>	

Stór focal	Samplaí
<p>Teangacha <i>(chomh maith leis na teangacha atá ar eolas ag na foghlaimeoirí)</i></p>	<p>Gaeilge na hAlban (Gàidhlig) Breatnais/an Bhreatnais Rúisis/an Rúisis Polainnis/an Pholainnis Gréigis/an Ghréigis Portaingéilis/an Phortaingéilis Sínis/an tSínis Seapáinis/an tSeapáinis</p>
<p>Scrúduithe</p> <p>Ceantair Ghaeltachta</p>	<p>An scrúdú/na scrúduithe An scrúdú cainte An scrúdú éisteachta An scrúdú scríofa An scrúdú léitheoireachta.</p> <p>Gaeltacht Dhún na nGall Gaeltacht Chonamara Gaeltacht na Mumhan Gaeltacht na Mí Gaeltacht Mhaigh Eo</p> <p>An Ghaeltacht Na Gaeltachtaí Muintir na Gaeltachta</p>

Beidh na foghlaimeoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

A rá cad iad na teangacha atá ar a dtoil acu agus labhairt faoin chumas atá acu sna teangacha sin. Tuairimí faoi theangacha a lorg agus a fhreagairt agus comparáidí simplí a dhéanamh eatarthu. Cur síos simplí a dhéanamh ar ranganna teanga atá déanta acu nó atá á ndéanamh acu chomh maith le tuairimí a lorg agus a chur in iúl faoi ranganna teanga. Cabhair a lorg ón mhúinteoir agus ó mhic léinn eile sa rang teanga. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

An buneolas a bhaineann le cúrsaí/ranganna teanga a thuiscint. Cur síos simplí a thuiscint (in ailt agus in ábhair eile) faoi thaithí daoine eile ar theangacha a fhoghlaim.

Scríobh

Píosa simplí a scríobh faoi na teangacha atá acu agus an cumas atá acu sna teangacha sin.

Topaic 14: Caitheamh aimsire

Feidhmeanna		Samplaí
14.1	Ag fiafraí de dhaoine an mbreathnaíonn siad ar an teilifís go minic agus ag freagairt na ceiste sin.	An mbreathnaíonn tú ar an teilifís go minic? Breathnaím ar an nuacht anois is arís. Ní bhreathnaíonn. Is fearr liom éisteacht le cláir cheoil ar an raidió.
14.2	Ag fiafraí de dhaoine an dtaitníonn cineál áirithe cláir leo agus ag freagairt na ceiste sin.	An maith leat na sobail? Is fuath liom iad. Tá siad an-leadránach. An dtaitníonn cláir spóirt leat? Taitníonn uaireanta, nuair a bhíonn galf nó rugbaí ar siúl.
14.3	Ag fiafraí de dhaoine cén t-ábhar léitheoireachta a thaitníonn leo agus ag freagairt na ceiste sin.	A Shéamais, is breá leatsa a bheith ag léitheoireacht, cén cineál leabhair a thaitníonn leat? Is maith liom gach cineál leabhair i ndáiríre. Is breá liom úrscéalta. Gearrscéalta is mó a thaitníonn liom.
14.4	Ag fiafraí de dhaoine ar léigh siad leabhar faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin.	Ar léigh tú an leabhar nua le Micheál Ó Conghaile? Léigh; thaitin sé gó mór liom. Ar léigh tú aon rud le Nuala Ní Dhomhnaill? Níor léigh. Níl mé róthógtha le filíocht. Is fearr liom próis.
14.5	Ag fiafraí cad is ábhar do shaothar faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin.	Cad is ábhar don leabhar sin? Scéal é faoi bhean óg as Conamara a chaith blianta fada ag obair in otharlann san Afraic.
14.6	Ag lorg tuairim duine.	Cad é a mheasann tú de Beckett? Cad é do thuairim de Edna O'Brien?
14.7	Ag cur tuairim in iúl.	Is dóigh liom go bhfuil sé go hiontach. Ceapaim nach scríbhneoir rómhaith é. Bhí an leabhar deireanach an-spéisiúil.
14.8	Ag aontú le tuairim duine eile.	Is fíor duit; tá sé an-ghreannmhar. Tá an ceart ar fad agat. Cinnte. Tá sé sin fíor.

14.9	Ag easaontú le tuairim duine eile.	Ní aontaím leis sin. Measaim féin go bhfuil sé go maith. Ní dóigh liom go bhfuil sé sin fíor.
14.10	Ag cur comhairle ar dhuine.	Mholfainn duit an leabhar sin a léamh. Ba cheart duit an leabhar sin a léamh.
Gramadach		Samplaí
Na foirmeacha treise den fhorainm réamhfhoclach <i>le</i>		Is dóigh liomsa An dóigh leatsa...?
An modh coinníollach		Mholfainn duit.. An molfá dom...?
An tuiséal ginideach mar a dtagann dhá ainmfhocal le chéile <i>(Ag an leibhéal seo, is leor do na foghlaimoírí a bheith in ann an tuiséal ginideach a aithint. Féach na samplaí.)</i>		Clár ceoil Dráma grinn Tús an chláir Ainm an údair
Stór focal		Samplaí
Léitheoireacht		Nuachtán/nuachtáin Iris/irisí/iriseoir Úrscéal/úrscéalta Gearrscéal/gearrscéalta Dán/dánta Dráma/drámaí
Cineálacha cláir		Údar/an t-údar/údair Scríbhneoir/an scríbhneoir/scríbhneoirí File/an file/filí Drámadóir/an drámadóir/drámadóirí
		An nuacht Clár spóirt Clár ceoil Clár cainte Clár grinn Sobalchlár Cartún Clár cúrsaí reatha

Beidh na foghlaimeoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

Labhairt faoi na cineálacha cláir raidió agus teilifíse a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo. A rá cad iad na cineálacha leabhair/irisí a léann siad agus tuairimí a nochtadh i dtaobh cineálacha faoi leith leabhair/irisí. Cur síos simplí a dhéanamh ar ábhar saothair faoi leith. Díospóireacht shimplí a bheith acu le duine/daoine eile faoi na hábhair seo. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintearmaí.

Léamh

Na príomhsmointe in ailt faoin ábhar seo a thuiscint, chomh fada agus nach mbaintear úsáid as aon saintearmaí. An buneolas i sceidil raidió nó teilifíse a thuiscint.

Scríobh

Cur síos simplí a scríobh faoin spéis atá acu féin sa léitheoireacht agus i gcláir raidió agus teilifíse.

Topaic 15: Ag labhairt faoin am atá amach romhainn

Feidhmeanna		Samplaí
15.1	Ag fiafraí de dhaoine faoi na pleananna atá acu don deireadh seachtaine agus ag freagairt na ceiste sin.	An bhfuil aon rud socruithe agat don deireadh seachtaine, a Shéamais? Tá mé ag dul siar go Gaillimh. Níl i ndáiríre, ach sílim go bhfuil mo chara Aoife ag teacht ar cuairt. Tá mé féin agus Pól ag dul ó thuaidh go Béal Feirste ar feadh cúpla lá.
15.2	Ag fiafraí de dhaoine faoi na pleananna atá acu d'ócáidí faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin.	An bhfuil aon rud beartaithe agat don Cháisc fós? Má bhíonn an aimsir go deas, rachaidh mé siar go Gaillimh. An bhfuil aon phleananna agat don Nollaig, a Phóil? Má bhíonn an t-airgead agam, rachaidh mé go Londain.
15.3	Ag moladh rud faoi leith a dhéanamh agus ag glacadh le moladh nó ag diúltú do mholadh.	Cad faoi dul go dtí an phictiúrlann anocht? Sin smaoineamh maith. An rachaimid amach le Seán agus Micheál anocht? B'fhéidir san oíche amárach mar tá mise ag obair anocht. Níl fonn orm tiomáint go Gaillimh amárach, an dtógfaimid an traein? Cinnte, beidh sé go breá.
15.4	Ag iarraidh ar dhaoine gar a dhéanamh agus ag cur in iúl go bhfuil nó nach bhfuil tú sásta gar a dhéanamh.	An ndéanfaidh tú gar dom? Déanfaidh, cinnte. An rachaidh tú go dtí an banc dom? Rachaidh mé níos moille mar tá coinne agam anois. An bhfaighidh tú cúpla rud san ollmhargadh dom? Gheobhaidh, cinnte.

Gramadach	Samplaí
<p>An aimsir láithreach + an t-ainm briathartha leis an aimsir fháistineach a chur in iúl</p>	<p>Tá mé ag casadh le Seán amárach. An bhfuil tú ag imeacht don Nollaig? Tá siad ag teacht anseo amárach.</p>
<p>Ag cur gluaiseachta in iúl</p>	<p>Ag dul siar Ag dul soir Ag dul ó thuaidh Ag dul ó dheas</p>
<p>Ag baint úsáide as <i>má</i> le cur síos ar an am atá le teacht</p>	<p>Má bhíonn an t-am agam, rachaidh mé go Béal Feirste. Má théann tú go dtí an siopa, faigh nuachtán dom, le do thoil.</p>
<p>An aimsir fháistineach den bhriathar (<i>briathra rialta agus neamhrialta</i>)</p>	<p>Beidh mé sa Spáinn ar feadh seachtaine. An mbeidh tú ag dul thar lear ag an Nollaig? Beidh/ní bheidh.</p>
Stór focal	Samplaí
<p><i>Féach: Aonad 5 Taisteal agus laethanta saoire Aonad 12 Coinní agus socruithe</i></p>	

Beidh na foghlaimeoirí ábalta...

Labhairt agus éisteacht

Labhairt faoi na pleananna atá acu don deireadh seachtaine agus d'ócáidí eile i gcaitheamh na bliana. Moltaí a dhéanamh maidir le pleananna agus glacadh le moladh. Diúltú do mholadh agus cúiseanna a thabhairt leis an diúltú sin nó moladh eile a dhéanamh. Iarraidh ar dhuine gar a dhéanamh dóibh agus a chur in iúl go bhfuil siad nó nach bhfuil siad sásta gar a dhéanamh do dhuine eile. Ceisteanna agus cur síos measartha bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint, chomh fada is nach n-úsáidtear aon saintéarmaí.

Léamh

Nótaí, litreacha, teachtaireachtaí ríomhphoist, fógraí agus ábhair eile a bhaineann le pleananna agus socruithe a léamh agus a thuiscint, chomh fada agus nach n-úsáidtear aon saintéarmaí.

Scríobh

Nótaí, teachtaireachta ríomhphoist, litreacha simplí a scríobh ag déanamh socruithe bunúsacha maidir le socruithe, coinní agus araile.

